# Data Protection Commission

## Cearta cosanta sonraí mo linbh – na bunrudaí

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
21 Cearnóg Mhic Liam, BÁC 2,
DO2 RD28, Éireann.

## Cearta cosanta sonraí mo linbh – na bunrudaí

Is é cuspóir an treoirnóta seo cabhrú le haon duine atá ag iarraidh ceist nó ábhar imní faoi shonraí pearsanta leanaí a chur in iúl don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Tá sé dírithe go príomha ar thuismitheoirí agus ar chaomhnóirí dlíthiúla. Bíodh sin mar atá, d'fhéadfadh aon aosach a bhfuil ról aige/aici i sonraí pearsanta linbh a choinneáil sábháilte – amhail múinteoirí, tuismitheoirí altrama, baill teaghlaigh shínte nó daoine eile – leas a bhaint as freisin.

Maidir le sonraí pearsanta leanaí, tá sé an-tábhachtach dhá rud bhunúsacha a choinneáil ar aird:

- **Is ionann na cearta cosanta sonraí do leanaí, beag beann ar aois, agus d'aosaigh,** agus
- **Ní le haon duine eile, amhail tuismitheoir nó caomhnóir leis/léi, sonraí pearsanta aon linbh.**

Ciallaíonn siad sin gur féidir, maidir le tuismitheoir atá ag iarraidh cearta cosanta sonraí a linbh a fheidhmiú nó a dhearbhú – mar shampla trí chóip de shonraí pearsanta a linbh a iarraidh nó trína iarraidh go scriosfaí sonraí a linbh – go bhfaighidh sé/sí amach go bhfuil teorainneacha ann ar na nithe a fhéadfaidh sé/sí a dhéanamh nó a iarraidh. Ní hé sin le rá nach bhféadfaidh tuismitheoirí, nó nár cheart do thuismitheoirí, smacht a fháil nuair is gá. Ciallaíonn sé go bunúsach gur cheart do thuismitheoirí aird a thabhairt ar an gceart chun cosaint sonraí atá ag a leanbh é/í féin. Ba cheart dóibh a chinntiú go dtabharfaidh siad tús áite do leas is fearr a linbh agus iad ag gníomhú thar a c(h)eann.

## Conas is féidir le tuismitheoirí an chothromaíocht cheart a aimsiú idir a leanaí a chosaint agus a gceart chun príobháideachta a urramú?

I gcás fhormhór mór na dtuismitheoirí, ní dóigh go dtiocfaidh aon deacrachtaí as an ngnáthmhaoirseacht laethúil a dhéanann siad ar shonraí pearsanta agus saol digiteach a leanaí. Sa chuid is mó de chásanna, tarlóidh sé, i gcás go ndéanfaidh tuismitheoir iarraidh i ndáil le sonraí a linbh, go ndéanfar talamh slán de go bhfuil sé/sí ag gníomhú le leas a linbh. Má iarrann tú ar scoil, ar chreis nó ar chlub spóirt cóip de shonraí do linbh a sholáthar duit, mar shampla, glacfaidh an eagraíocht sin leis sa chuid is mó de chásanna go bhfuil an ceart agat chun an fhaisnéis sin a fháil agus ní cheisteoidh sí thú ina leith. Is féidir, áfach, go n-iarrfaidh an eagraíocht sin ort d'aitheantas a dheimhniú chun a chinntiú nach nochtfaidh sí sonraí pearsanta do linbh do dhuine éigin nach bhfuil aon cheart aige/aici chun na sonraí sin a fháil.

I gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh ábhair imní dhlisteanacha ag eagraíocht nach bhfuil ceart an linbh chun príobháideachta á urramú. Sna cásanna sin, is féidir go mbeidh sé cuí don eagraíocht diúltú don iarraidh nó moill a chur ar ghéilleadh don iarraidh go dtí go bhfaighidh sí tuilleadh faisnéise lena réitítear na hábhair imní sin.

## Cé na cásanna ina bhféadfaidh eagraíocht a bheith i dteideal diúltú d'iarraidh ó thuismitheoir?

Beidh sé sin ag brath ar na himthosca agus ar chineál na hiarrata.

**I gcás go n-agóidfidh an tuismitheoir nó an caomhnóir eile in aghaidh na hiarrata:** Ar ndóigh, i gcás go ndéarfaidh tuismitheoir amháin "Tabhair sonraí mo linbh dom" agus go ndéarfaidh an tuismitheoir eile "Ná héist leis an duine sin", beidh sé riachtanach sa deireadh rialú in aghaidh tuismitheoir amháin.

**I gcás go n-agóidfidh an leanbh in aghaidh na hiarrata:** I gcás go mbeidh fianaise ann á léiriú nach n-aontaíonn an leanbh leis an iarraidh, is féidir go mbeidh sé cuí don eagraíocht diúltú don iarraidh, ag brath ar thosca amhail aois agus aibíocht an linbh, íogaireacht na sonraí, agus cé acu atá nó nach bhfuil dualgas rúndachta dlite don leanbh.

**I gcás go mbeidh fianaise ann á léiriú nach mbaineann an iarraidh dáiríre le cearta cosanta sonraí an linbh:** Is féidir le cás den sórt seo teacht chun cinn i gcás go mbeidh leanaí stoptha i lár argóinte idir tuismitheoirí atá ag colscaradh nó atá scartha. I gcásanna áirithe, is féidir go ndéanfaidh tuismitheoir amháin iarracht cearta cosanta sonraí a linbh a úsáid chun an lámh uachtair a fháil ar an tuismitheoir eile, nó cur isteach air/uirthi, ar shlí éigin (e.g., trí iarraidh a dhéanamh in ainm a linbh chun faisnéis faoina (h)iarpháirtnéir a rochtain). Maidir le haon eagraíocht a bhfuil cúis aici le himní a bheith uirthi, gníomhóidh sí go cúramach chun a chinntiú nach ndéanfar dúshaothrú ar chearta cosanta sonraí aon linbh ar an tslí sin.

**I gcás go mbeidh an tuismitheoir scartha ón leanbh: :** D'aontódh an chuid is mó de dhaoine nár cheart do thuismitheoir nach caomhnóir dlíthiúil an linbh é/í agus nach cuid de shaol a linbh é/í ceart neamhshrianta a bheith aige/aici ar shonraí an linbh.

**I gcás go gceanglófar ar thuismitheoir a (h)aitheantas a chruthú ar chúiseanna slándála: :** Is féidir go mbeidh sé cuí don eagraíocht iarraidh ar thuismitheoir a (h)aitheantas a chruthú sula soláthróidh sé/sí sonraí pearsanta aon linbh, go háirithe má áirítear faisnéis íogair amhail sonraí sláinte leis na sonraí. Ní mór d'eagraíochtaí amhail scoileanna, lia-chleachtóirí ginearálta, ospidéil agus teiripeoirí socruithe láidre slándála a bheith i bhfeidhm acu chun na sonraí sin a chosaint. Trí d'aitheantas a sheiceáil, cabhrófar leo a chinntiú nach nochtfar sonraí pearsanta do linbh d'aon duine a deir gur tuismitheoir do linbh é/í.

**I gcás go mbeidh an leanbh sean go leor chun an iarraidh a dhéanamh leis/léi féin:** Dá shine an leanbh is ea is lú seans go mbeidh sé réasúnach do na tuismitheoirí a c(h)earta a fheidhmiú gan dul i gcomhairle leis an leanbh nó gan aon chomhaontú leis/léi. Mura bhfuil aon fhianaise ann á léiriú go ndeachthas i gcomhairle leis an leanbh, is féidir go mbeidh forais ag an eagraíocht a bhfuil sonraí an linbh ina seilbh aici le hábhair imní a bheith aici. Is fiú i gcónaí iarrataí a dhéanamh i gcomhpháirt le do leanbh má tá sé/sí sean go leor.

Tabhair faoi deara nach liosta uileghabhálach é seo. Tá dornán rialacha dochta daingne ann maidir le tuismitheoirí agus cearta cosanta sonraí a leanaí. Beidh na nithe atá cuí in aon chás ar leith ag brath ar thosca éagsúla a mbeidh ar an eagraíocht a bhfuil sonraí do linbh ina seilbh aici iad a mheasúnú. Dá mhéad ceann de na boscaí thuas 'a gcuireann d'iarraidh tic leo' is ea is mó seans nach n-urramaíonn sí an ceart chun príobháideachta atá ag do leanbh agus gur gá diúltú di.

## Mar sin, an bhfuil ar thuismitheoirí bheith thar a bheith cáiréiseach agus iad ag déanamh maoirseacht ar a leanaí agus ag socrú rialacha maidir leis na nithe a fhéadfaidh agus nach bhféadfaidh siad a dhéanamh ar líne?

Níl. Ní ann d'aon ní sa dlí cosanta sonraí lena gcuirtear toirmeasc ar thuismitheoirí rialacha amhail "ní ceadmhach fóin ag an tábla dinnéir" nó "ní ceadmhach cluichí físeáin go dtí go bhfuil an obair bhaile déanta" a shocrú. Ní gá duit ach a chuimhneamh gur lena leas féin atá cearta sonraí pearsanta do linbh agus nach bhfuil na cearta sin de bhreis ar do chearta féin. Braitheann leanaí óga go hiomlán ar thuismitheoirí chun cosaint agus tacaíocht a thabhairt dóibh. De réir mar a thagann siad in aibíocht, áfach, méadaíonn an smacht atá ag na leanaí iad féin ar a gcearta.

I mbeagán focal, ní mór do thuismitheoirí, agus iad ag feidhmiú chearta cosanta sonraí a linbh, a choinneáil ar aird gur leis an leanbh, agus ní le haon duine eile, a bhaineann sonraí pearsanta an linbh agus gurb ann dá c(h)earta cosanta sonraí le leas an linbh sin. Is é an phríomhshlat tomhais ná tuairimí agus leas is fearr an linbh a bhreithniú i ngach cás agus an cheist seo a leanas a chur ort féin **"Dá mbeinnse i mbróga mo linbh, an mbeadh sé seo uaim?"**

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission
www.dataprotection.ie

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
21 Cearnóg Mhic Liam, BÁC 2,
DO2 RD28, Éireann.